

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 20 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón
Verwaltungsgerichtshof – an Ostair) – FW, CE**

(Cás C-650/21, ⁽¹⁾ Landespolizeidirektion Niederösterreich agus Finanzamt Österreich)

**(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha –
Treoir 2000/78/CE – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais aoise – Luach saothair Stát-Seirbhíseach –
Reachtaíocht náisiúnta roimhe seo a cinneadh a bheith idirdhealaitheach – Grádú faoi chóras nua luacha
saothair faoi threoir sinsearachta a socraíodh faoi chóras luacha saothair roimhe seo – An tsinsearacht sin
a cheartú trí dháta tagartha comparáide a chinneadh – Nádúr idirdhealaitheach an ghrádaithe nua – Riail
a chuireann stát-seirbhísigh níos sine faoi mhíbhuntáiste)**

(2023/C 205/09)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Verwaltungsgerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: FW, CE

Idiragraithe: Landespolizeidirektion Niederösterreich, Finanzamt Österreich

An chuid oibríochtúil

1. Maidir le hAirteagal 1, 2 agus 6 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil grádú státseirbhíseach socraithe ar bhonn a shinsearachta i scála luacha saothair córas luacha saothair roimhe sin a cinneadh go bhfuil sé idirdhealaitheach a mhéid nár ceadáíodh leis an gcóras sin, chun críocha an tsinsearachta sin a chinneadh, ach tréimhsí incháilithe roimh earcaíocht an státseirbhíseach a críochnaíodh ó 18 mbliana d'aois a chur san áireamh, agus a rinneadh iad siúd a críochnaíodh roimh an aois sin a eisiáimh, i gcás ina bhforáiltear sa reachtaíocht sin go ndéanfaí ceartú ar thréimhsí incháilithe an státseirbhíseach a críochnaíodh roimh a earcaíocht, mar a ríomhadh i dtosach iad, trí dháta tagartha comparáide a chinneadh, ar chun críocha, chun an tsinsearacht sin a chinneadh, a gcuirtear tréimhsí incháilithe roimh an earcaíocht a críochnaíodh roimh 18ú breithlá an státseirbhíseach sin san áireamh as seo amach más rud é, ar an gcéad dul síos, maidir le tréimhsí a críochnaíodh tar éis an 18ú breithlá, nach gcuirtear san áireamh ach “tréimhsí eile” nach mór a leath díobh a chur san áireamh agus, sa dara háit, go méadaítear na “tréimhsí eile” sin ó thrí bliana go dtí seacht mbliana, ach nach gcuirtear san áireamh iad ach amháin sa mhéid gur faide ná ceithre bliana iad.

2. Maidir le prionsabal na córa comhionainne, mar atá cumhdaithe in Airteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta a fhorálann, maidir le státseirbhíseach a raibh níos imeachta chun a seasamh a ath-shainiú ar an scála luacha saothair ar feitheamh ar dháta foilsithe leasaithe reachtaigh ar an gcóras luacha saothair lena n-áirítear an scála sin, go bhfuil luach saothair le hathríomh i gcomhréir leis na forálacha nua a bhaineann le dáta tagartha na comparáide, na forálacha sin ina bhfuil teorainneacha nua maidir le huasfhad na dtréimhsí incháilithe, arb é an toradh a bheidh orthu nach gcoiscítear idirdhealú ar fhorais aoise contrártha d'Airteagal 1, d'Airteagal 2 agus d'Airteagal 6 de Threoir 2000/78, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha, sa chás nach ndéantar aon ríomh den sórt sin do státseirbhíseach dá bhfuil níos imeachta leis an gcuspóir céanna, a tionscnaíodh roimhe sin, dúnta cheana féin le cinneadh críochnaitheach ina leith, bunaithe ar dháta tagartha arna chinneadh ar bhealach níos fabhraí faoin gcóras luacha saothair a bhí ann roimhe seo a bhfuil a fhorálacha, a mheasann na cúirteanna náisiúnta a bheith idirdhealaitheach, curtha as feidhm chun prionsabal na córa comhionainne atá leagtha síos i ndlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm go díreach.

3. Maidir le hAirteagal 1, 2 agus 6 de Threoir 2000/78, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta a fhorálann nach ndéanfar tréimhsí printíseachta arna ndéanamh le húdarás áitiúil náisiúnta a chur san áireamh ina n-iomláine, chun dáta tagartha na comparáide a chinneadh, ach amháin i gcás ina mbeidh an státseirbhíseach lena mbaineann earcaithe ag an Stát tar éis dáta áirithe, ach go mbeidh leath na dtréimhsí printíseachta le cur san áireamh, agus iad faoi réir asbhainte ar ráta comhréidh, i gcás ina raibh an státseirbhíseach lena mbaineann earcaithe ag an Stát roimh an dáta sin.

(¹) IO C 73, 14.2.2022.

Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 20 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – “Brink’s Lithuania” UAB v Lietuvos bankas

(Cás C-772/21, (¹) Brink’s Lithuania)

(Tarchur chun réamhrialú – An euro a chosaint ar ghóchumadh – Rialachán (CE) Uimh 1338/2001 – Airteagal 6(1) – Soláthróirí seirbhíse íocaíochta atá i mbun próiseála nótaí bainc agus a ndáileadh ar an bpobal – Cinneadh BCE/2010/14 – Airteagal 6(2) – Nótaí bainc mí-oiriúnacha a bhrath – Seiceáil oiriúnachta uathobrithe nótaí bainc – Íoschaighdeáin arna bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus a leasaítear ó am go chéile – Raon feidhme pearsanta – Raon na n-oibleagáidí ar láimhseálaithe airgid thirim – Brí cheangailteach – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla)

(2023/C 205/10)

Teanga an cháis: an Liotuáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: “Brink’s Lithuania” UAB

Cosantóir: Lietuvos bankas

An chuid oibríochtúil

1. Maidir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh ECB/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht, arna leasú le Cinneadh BCE/2012/19 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Meán Fómhair 2012,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm ag na híoschaighdeáin dá dtagraítear san fhoráil sin maidir le láimhseálaithe airgid thirim nuair a dhéanann siad seiceálacha oiriúnachta uathobrithe i leith nótaí bainc euro.

Mar sin féin, maidir le hAirteagal 3(1) agus Airteagal 10(1) de Chinneadh ECB/2010/14, arna leasú, i gcomhar le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008,